# Pointí Tábhachtacha Eolais i ndáil le *Droichead*

**1**

Cuireann *Droichead* creat **tacaíochta** ar fáil le haghaidh cur chuige uile-scoile, chun **fáilte** a chur roimh mhúinteoirí nua-cháilithe isteach sa ghairm is tábhachtaí sa tsochaí.

**2**

Tugann *Droichead* deis do mhúinteoirí mar ghairmithe dul i bhfeidhm ar an bpolasaí oideachais a bhaineann leosan agus lena gcomhghleacaithe go díreach. Tá athruithe suntasacha déanta ag an gComhairle ar an bpróiseas mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ó scoileanna rannpháirtithe, agus leanfar ar aghaidh ag éisteacht le guthanna na ngairmithe uile atá páirteach ann.

**3**

Mar aitheantas go bhfuil múinteoir nua-cháilithe, díríonn an próiseas *Droichead* ar **dhul chun cinn** fhoghlaim mhúinteora, seachas foirfeacht.

**4**

**Tugtar clár foghlama gairmiúil** do scoileanna a ghlacann páirt in *Droichead*, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil tráth scaoilte, lasmuigh de láthair na scoile, ar líne agus i láthair na scoile, chomh maith le rochtain ar thacaíocht leanúnach ó Chomhalta *Droichead* (CNIM). Tá sparánacht taighde de luach €1,000 ar fáil go dtí samhradh 2016 freisin.

**5**

Áirítear ar **Fhoireann Taca Ghairmiúil** (FTG) an príomhoide, meantóir agus baill foirne eile.

**6**

Tá **Meantóireacht agus Comhráití Gairmiúla** ag croílár an phróisis *Droichead*, lena mbaineann tacaíocht, dúshláin agus fís chomhroinnte den mhúinteoireacht don ghairm agus i ngach comhthéacs scoile freisin**.**

**7**

Baineann an FTG úsáid as **Critéir *Dhroichead*** agus *Indicators of Good Practice* leis an bpróiseas a threorú. Déantar samplaí de chomhthéacs scoileanna a shainaithint le haistriú na gcritéar sin go réadúlacht an tsaoil scoile a chumasú.

**8**

Le linn na scoilbhliana 2014/2015, bhí 149 scoil páirteach in *Droichead*, le 279 múinteoirí nuacháilithe. Tá an próiseas á mhúnlú leis an **aiseolas** a fuarthas ó na scoileanna sin, ón **taighde** atá á déanamh ag an ESRI, agus ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear faisnéis in iúl tríd an CNIM.

**9**

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh *gach* cineál scoile páirteach i dtionchar a imirt ar an bpróiseas seo sa dóigh is go mbeidh athchóiriú polasaí **á fhorbairt** agus **á fhoirmiú** ag gairm na múinteoireachta agus, an ní is tábhachtaí, go mbeidh sé **faoi úinéireacht** na gairme múinteoireachta féin.

**10**

Más mian le scoil go mbeadh **ball seachtrach ar an FTG** (i.e. múinteoir ó scoil eile), tá painéal ag an CNIM de bhaill oilte FTG.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council